Dúnmharú Shane Geoghegan

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoi thriail Barry Doyle. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

An bhfuil aon eolas agat faoi dhúnmharú Shane Geoghegan?
An bhfuil a fhios agat cén spórt a bhíodh á imirt ag Shane Geoghegan?
Cén chathair inár maraíodh é?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Giúiré	Club
Dúnmharaigh	Denying
Eastát Tithíochta	Jury
Breitheamh	Interview
Cumann	Housing Estate
Imreoir	Player
Breith	Judge
Ag Séanadh	Admit
Agallamh	Murder
Admhaigh	Judgement

Ceist 3 Anois, féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén aois atá ag Barry Doyle?
2. Cad iad na contaetha a bhfuil seoladh aige iontu?
3. Cár dúnmharaíodh Shane Geoghegan?
4. Cén mhí agus cén bhliain ar maraíodh Shane Geoghegan?
5. Cén cumann rugbaí lenar imir Shane Geoghegan?

Ceist 4 Déan iarracht na bearnaí a líonadh sa sliocht thíos.

Tá an giúiré i _____ fhear cúig bliana is fiche, a bhfuil sé curtha ina _____ gur dhúnmharaigh sé Shane Geoghegan, imreoir rugbaí as Luimneach, _____ abhaile don oíche agus_____ siad i mbun machnaimh ar an _____ arís ar maidin. Tá Barry Doyle, a bhfuil seoladh aige i Rae Portland i mBaile Átha Cliath agus i mBóthar de hÍde, Luimneach, ag_____ gurbh é a dhúnmharaigh Shane Geoghegan i mí na Samhna, dhá mhíle is a hocht.

(séanadh, leith, gcás, rachaidh, dtriail, curtha,)

Ceist 5 *'Inniu, **dúirt** an breitheamh Paul Carney'*

Tá sampla den bhriathar 'abair' sa **chló dubh** thuas agus é san aimsir chaite. Déan iarracht an leagan ceart den bhriathar 'abair' a chur isteach sa bhearna thíos.

1. _____sé an rud céanna i gcónaí. (gnáthláithreach)

2. _____amach é. (modh ordaitheach)

3. _____mé é sin leis amárach (aimsir fháistineach)

4. _____mo phaidreacha gach oíche fadó (gnáthchaite)

5. _____ nach rachaidh mé amach anocht. (modh coinníollach)

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

'Ba cheart go mbeadh gunnaí ag na Gardaí le go mbeadh siad in ann déileáil leis na coirpigh'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Giúiré_____**Jury**
Dúnmharaigh_____**Murder**
Eastát Tithíochta_____**Housing Estate**
Breitheamh_____**Judge**
Cumann_____**Club**
Imreoir_____**Player**
Breith_____**Judgement**
Ag Séanadh_____**Denying**
Agallamh_____**Interview**
Admhaigh_____**Admit**

Ceist 3

1. Tá Barry Doyle cúig bliana is fiche d'aois.
2. Tá seoladh aige i gContae Luimnigh agus i gContae Bhaile Átha Cliath.
3. Dúnmaraíodh é in eastát tithíochta Tuar an Daill, i Luimneach.
4. Maraíodh é i mí na Samhna, dhá mhíle is a hocht.
5. D'imir Shane Geoghegan le Garraí Eoin.

Ceist 4 Tá an giúiré i **dtriail** fhear cúig bliana is fiche, a bhfuil sé curtha ina **leith** gur dhúnmharaigh sé Shane Geoghegan, imreoir rugbaí as Luimneach, **curtha** abhaile don oíche agus **rachaidh** siad i mbun machnaimh ar an **gcás** arís ar maidin. Tá Barry Doyle, a bhfuil seoladh aige i Rae Portland i mBaile Átha Cliath agus i mBóthar de hÍde, Luimneach, ag **séanadh** gurbh é a dhúnmharaigh Shane Geoghegan i mí na Samhna, dhá mhíle is a hocht.

Ceist 5

1. **Deir** sé an rud céanna i gcónaí. (gnáthláithreach)
2. **Abair** amach é. (modh ordaitheach)
3. **Déarfaidh** mé é sin leis amárach (aimsir fháistineach)
4. **Deirinn** mo chuid paidreacha gach oíche fadó (gnáthchaite)
5. **Déarfainn** nach rachaidh mé amach anocht. (modh coinníollach)

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh.

Tá an giúiré i dtriail fhear cúig bliana is fiche, a bhfuil sé curtha ina leith gur dhúnmharaigh sé Shane Geoghegan, imreoir rugbaí as Luimneach, curtha abhaile don oíche agus rachaidh siad i mbun machnaimh ar an gcás arís ar maidin. Tá Barry Doyle, a bhfuil seoladh aige i Rae Portland i mBaile Átha Cliath agus i mBóthar de hÍde, Luimneach, ag séanadh gurbh é a dhúnmharaigh Shane Geoghegan i mí na Samhna, dhá mhíle is a hocht.

Siún Nic Ghearailt

Imreoir rugbaí ab ea Shane Geoghegan le Cumann Rugbaí Gharraí Eoin. I mí na Samhna dhá mhíle is a hocht, agus é ar a shlí abhaile, gan é ach nóiméid[1] ó dhoras an tí in eastát tithíochta Tuar an Daill, lámhachadh é cúig huaire[2]. Séanann Barry Doyle, fiche cúig bliain d'aois, a bhfuil seoladh aige i Rae Portland i mBaile Átha Cliath agus i mBóthar de hÍde i Luimneach, gurbh é a dhúnmharaigh Shane Geoghegan an oíche sin. Le linn na trialach dúirt an t-ionchúiseamh go bhféadfadh an giúiré brath ar agallamh a rinne[3] Gardaí le linn an fhiosrúcháin, agallamh inár admhaigh Barry Doyle gur lámhach sé Shane Geoghegan. Dúirt taobh na cosanta gur chuir[4] Gardaí ina luí ar Bharry Doyle an méid a dúirt sé a rá. Dúradh gur bhaineadar leas as a chailín a bhí faoi choimeád agus a leanbh, Gleoite, chun é sin a dhéanamh. Inniu dúirt an breitheamh Paul Carney leis an ngiúiré tar éis trí huaire[5] an chloig machnamh ar an gcás go bhféadfaidís teacht ar ais[6] le breith de mhóramh. Tar éis a cúig tráthnóna inniu, cuireadh an giúiré ... Shane Geoghegan abhaile don oíche agus rachaidh siad i mbun machnaimh arís maidin amárach.

Siún Nic Gearailt, Nuacht TG4.

---

[1] Nóiméadaí a deirtear sa sliocht
[2] Cúig n-uaire a deirtear i gcanúint na Mumhan
[3] A dhein a deirtear sa sliocht
[4] Go gcur a deirtear sa mhír nuachta
[5] Trí n-uaire a deirtear i nGaeilge na Mumhan
[6] Thar n-ais atá sa mhír ach ar ais atá sa chaighdeán